2024/2574

27.9.2024

CINNEADH (AE) 2024/2574 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Meán Fómhair 2024

lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na Portaingéile, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Portaingéile,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 29 Aibreán 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/720 ([2]), lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na Portaingéile, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Pedro CHAVES DE FARIA E CASTRO a cheapadh.

(4) Mhol Rialtas na Portaingéile Artur Manuel LEAL DE LIMA, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Vice-Presidente do Governo Regional dos Açores* (Leas-Uachtarán Rialtas Réigiúnach na nAsór), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Artur Manuel LEAL DE LIMA, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Vice-Presidente do Governo Regional dos Açores* (Leas-Uachtarán Rialtas Réigiúnach na nAsór), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

FELDMAN Z.

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/720 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na Portaingéile, de Choiste na Réigiún (IO L 154, 4.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/720/oj).